Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

**Ábhar:** CCB, Lá 2

A Cheannaire Scoile a chara,

Go raibh maith agat as do pháirteachas agus do rannpháirtíocht le linn 'Creatchuraclam na Bunscoile, (CCB) Lá 1'.

Tá Oide ag dúil le bualadh leat féin agus le d'fhoireann teagaisc don dara lá foghlama gairmiúla maidir le CCB. Beidh CCB, Lá 2 ar siúl i dtéarma 3 2025/2026 mar a cuireadh in iúl i Meitheamh 2025 trí Chlárúchán Oide.

**Cad é an fad atá ag CCB, Lá 2?**

Mar a bhí le CCB, Lá 1, is lá dúnadh scoile uile é seo a mhairfidh 5 uair an chloig.

**Cad é a bheidh á phlé ar CCB, Lá 2?**

Aithníonn Curaclam Athfhorbartha na Bunscoile eispéiris páistí i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta mar thréimhse 'ag maireachtáil anois' agus 'ag éirí ina'.

Tabharfar am agus spás ar CCB, Lá 2 chun smaoineamh ar fhorbairt iomlánaíoch na bpáistí.

Tabharfar am don athmhachnamh ar na hinniúlachtaí atá de dhíth ar pháistí, anois agus amach anseo. Díreofar chomh maith ar chomhthuiscint a fhorbairt maidir leis na seacht bPríomhinniúlacht agus an dóigh a gcothaíonn siad domhainfhoghlaim na bpáistí agus an dóigh a gcuireann siad lena bhforbairt iomlánaíoch.

Mar chuid de CCB, Lá 2, díreofar chomh maith ar na comhpháirteanna den fhoghlaim, den teagasc agus den mheasúnú ar ardchaighdeán agus ar an ról lárnach atá ag cumas gníomhúcháin an mhúinteora ar chur i bhfeidhm an churaclaim.

Déanfar plé chomh maith ar an struchtúr uileghabhálach agus ar an bhfócas atá ag na cúig shonraíocht churaclaim sa churaclam bunscoile athfhorbartha mar chuid den lá. Díreofar aird chomh maith ar na tacaíochtaí atá ar fáil don chur i bhfeidhm.

**Cad is féidir le ceannaire scoile a dhéanamh roimh CCB, Lá 2?**

Chun ullmhú do CCB, Lá 2, moltar duit an méid seo a leanas a chur in iúl do mhúinteoirí:

- Is táirgiúla a bheidh an lá má ghlacann baill foirne páirt go gníomhach san am don athmhachnamh aonair chomh maith le comhrá beirte, comhrá grúpa agus comhrá leis an seomra ar fad.
- Is féidir amharc ar Chreatchuraclam na Bunscoile anseo.
- Is féidir teacht ar na hÁbhair Foghlama ó CCB, Lá 1 anseo.

- In CCB, Lá 2, díreofar ar 'ag maireachtáil anois agus ag éirí ina' mar atá i gcuraclam athfhorbartha na bunscoile tríd na seacht bpríomhinniúlacht agus na comhpháirteanna den fhoghlaim, den teagasc agus den mheasúnú ar ardchaighdeán a fhiosrú. Chun tacú le páirteachas ar an lá, moltar do mhúinteoirí lch 8-27 de Chreatchuraclam na Bunscoile a léamh roimh CCB, Lá 2.
- Mar chuid de CCB, Lá 2, beidh plé tosaigh ar leagan amach agus struchtúr na gcáipéisí sonraíochta curaclaim chun tacú le daoine dul i dtaithí orthu. Moltar do mhúinteoirí dul i dtaithí ar na cáipéisí sin roimh ré agus an leabhar sonraíochta curaclaim (Ealaíona, Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, ETIM, Teangacha agus Folláine) atá acu a thabhairt leo chuig CCB, Lá 2.
- Tá gluais uasdátaithe de na téarmaí a bhaineann leis an gcuraclam athfhorbartha ar fáil anseo. Moltar do mhúinteoirí í sin a léamh roimh CCB, Lá 2.

Beidh an Ceannaire Foghlama Gairmiúla (CFG) Oide agus an t-ionad oideachais a tugadh do do lá dúnadh don fhoghlaim ghairmiúil i dteagmháil leat roimh an imeacht.

Faigh faoi iamh anseo cáipéis ina bhfuil ceisteanna coitianta mar eolas duit.

Beidh Oide i dteagmháil le scoileanna arís i dtéarma 3 maidir le rochtain a dhéanamh ar thacaíochtaí atá beartaithe don scoilbhliain 2026/2027.

Tá muid ag dúil le bheith ag obair leat féin agus le d'fhoireann teagaisc i dtéarma 3.

Oide

**Subject:** PCF Day 2

Dear School Leader,

Thank you for your engagement and participation during Primary Curriculum Framework (PCF) Day 1.

Oide looks forward to meeting you and your teaching staff for the second professional learning day in respect of the PCF. Our PCF Day 2 will take place in term 3 of 2025/2026, as communicated in June 2025 via Oide Registration.

**What is the duration of PCF Day 2?**

Similar to PCF Day 1, this is a whole-school closure day, of 5 hours duration.

**What will be addressed on PCF Day 2?**

The Redeveloped Primary School Curriculum recognises childhood as a time of 'being' and 'becoming'. PCF Day 2 will provide time and space to consider the holistic development of pupils. Time will be devoted to reflecting on the competencies that children need, both now and into the future. Developing a shared understanding of the seven Key Competencies and how they foster children's deep learning and contribute to their holistic development will also be a focus.

PCF Day 2 will also explore the components of high-quality learning, teaching and assessment, and the integral role teacher agency can play when enacting the curriculum.

The overarching structure and focus of the five curricular specifications in the redeveloped primary school curriculum will also be explored as part of the day. Enactment supports available to schools will also be signposted.

**What might a school leader do in advance of PCF Day 2?**

To prepare for PCF Day 2 you are encouraged to communicate the following with teachers:

- The day will be most productive if all staff engage actively, with time for individual reflection in addition to pair, group, and whole-room dialogue.
- The Primary Curriculum Framework Document is available to view here.
- Professional Learning materials from PCF Day 1 are available here.
- The focus of PCF Day 2 will be on the 'being and becoming' of the redeveloped primary school curriculum through exploration of the seven key competencies and the components of high-quality learning, teaching and assessment. To support engagement on the day,

teachers are encouraged to read p. 8-27 of The Primary Curriculum Framework document in advance of PCF Day 2.

- An initial engagement to support familiarity with the layout and structure of the curriculum specification documents will also be provided during PCF Day 2. Teachers are encouraged to familiarise themselves with these documents in advance and to bring their curriculum specification books (Arts, SEE, STEM, Languages, Wellbeing) to PCF Day 2.
- An updated glossary of terms of the redeveloped curriculum is available here. Teachers are encouraged to read this in advance of PCF Day 2.

The Oide Professional Learning Leader (PLL) and the education centre assigned to your professional learning closure day will be in contact with you in advance of the event.

Please find here a frequently asked questions document for your information.

Oide will issue a further communication to schools in term 3 regarding planned supports for the 2026/2027 school year.

We look forward to working with you and your teaching staff in term 3.

Oide